Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2024

Teicneolaíocht Dhigiteach

Aonad 1: (Croí-Ábhar Éigeantach)

Teicneolaíocht Dhigiteach

[GDG11]

GDG11

DÉ HAOINE 24 BEALTAINE, IARNÓIN

AM

1 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.
Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** den **aon** cheist **déag**.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 90 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **8**.

14166.02

Do Cheist 1 cuir an litir chuí isteach sa spás a chuirtear ar fáil.

1 **(a)** Is é atá in aon chilibheart amháin (KB) ná:

A 100 beart

B 256 beart

C 10000 beart

D 1024 beart

Freagra _____ [1]

(b) Is ionann WAN agus:

A Líonra Achair Fhóirsteanaigh

B Líonra Achair Feidhmeanna

C Líonra Achair Fhairsing

D Líonra Achair Feidhmchlár

Freagra _____ [1]

(c) Is é an dlí a thugann cosaint in aghaidh cóipeáil bogearraí ná:

A An tAcht um Ríomhairí, Sonraí agus Bogearraí

B An tAcht um Chóipcheart, Sonraí agus Paitinní

C An tAcht um Chóipcheart, Dearaí agus Paitinní

D An tAcht um Chóipcheart, Dearaí agus Bogearraí

Freagra _____ [1]

(d) Cad é dó a seasann na litreacha *SSD*?

A *Solid State Drive* (Tiomántán Soladstaide)

B *Solid Storage Drive* (Tiomántán Soladstórais)

C *Solid State Device* (Gaireas Soladstaide)

D *Solid Storage Device* (Gaireas Soladstórais)

Freagra _____ [1]

(e) Cad é dó a seasann na litreacha *RSI*?

A *Rest and Support Injury* (Gortú Scíthe agus Tacaíochta)

B *Restrictive Support Injury* (Gortú Sriantach Tacaíochta)

C *Repetitive Strain Injury* (Gortú Athstraidhneála)

D *Restrictive Straining Injury* (Gortú Athstangtha)

Freagra _____ [1]

(f) Cad chuige a bhfuil tiomántán diosca chrua de dhíth ar ríomhaire?

A Leis an ríomhaire a bhútáil

B Le ríomhchláir atá á rith i láthair na huaire a rochtain

C Le sonraí, comhaid agus bogearraí nach bhfuil in úsáid i láthair na huaire a stóráil

D Le sonraí atá stóráilte sa CPU (aonad lárnach próiseála) a rochtain

Freagra _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

(g) Cad é an cineál comhartha a théann trí chábla snáthoptaice?

A Comharthaí raidió

B Wi-Fi

C Comharthaí solais

D Comharthaí leictreacha

Freagra _____ [1]

(h) Cé acu de na rudaí seo a leanas nach gléas aschuir é?

A Monatóir

B Micreafón

C Callaire

D Printéir

Freagra _____ [1]

(i) Cad é an t-ainm a thugtar ar theicneolaíocht chumarsáide gan sreang gearr-raoin?

A Inlíon

B Idirlíon

C Bluetooth

D Ródaire

Freagra _____ [1]

(j) Cad é ba chóir a bheith i bpasfhocal láidir?

A Litreacha amháin

B Uimhreacha agus saincharachtair

C Ainm duine

D Litreacha, uimhreacha agus saincharachtair

Freagra _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

2 Is iomaí cuntas ríomhphoist gréasánbhunaithe a bhaineann úsáid as teicneolaíocht néalríomhaireachta.

(a) Luaigh cad é a chiallaíonn an téarma néalríomhaireacht.

_____

_____ [1]

(b) Luaigh **aon** bhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an néalríomhaireacht.

_____

_____ [1]

(c) Liostaigh **dhá** riosca fhéideartha a bhaineann leis an néalríomhaireacht.

1. _____

_____

2. _____

_____ [2]

3 Chruthaigh gníomhaire áirithintí bunachar sonraí coibhneasta le taifead a choinneáil ar léirithe a chuid ceoltóirí. Taispeántar cuid de na trí thábla thíos.

tblArtist

ArtistID	ArtistName
RO1	Rock On
TD1	The Delights
SF1	Stage Fright

tblVenue

VenueID	Venue	Location
OH101	Opera House	Belfast
BB201	The Black Box	Belfast
LY301	The Lyric	Belfast
MM401	Mossley Mill	Newtownabbey
RS501	Riverside	Coleraine

tblBookings

ConcertID	ArtistID	VenueID	ConcertDate	TicketPrice
A123	RO1	OH101	20/05/2024	£35
A223	TD1	BB201	21/05/2024	£40
A314	SF1	LY301	23/05/2024	£26
A351	RO1	MM401	23/05/2024	£40
A410	TD1	RS501	29/05/2024	£60

(a) Luaigh an cineál sonraí cuí do gach réimse sna spásanna bána thíos.

Ainm Réimse	Cineál Sonraí
ConcertID	[1]
ConcertDate	[1]
TicketPrice	[1]

(b) Bain úsáid as na focail a chuirtear ar fáil thíos leis na habairtí faoi bhunachair sonraí a chomhlánú. (Ní bhainfear úsáid as gach focal).

TAIFEAD **TÁBLA** **COLÚN**

I mbunachar sonraí coibhneasta, déantar sonraí a stóráil i _____ [1].

Tá _____ [1] déanta as roinnt réimsí.

[Tiontaigh an leathanach

Anseo thíos tá léaráid de na trí thábla atá sa bhunachar sonraí choibhneasta, tblArtist, tblVenue agus tblBookings.

tblArtist
ArtistID
ArtistName

tblVenue
VenueID
Venue
Location

tblBookings
ConcertID
ArtistID
VenueID
ConcertDate
TicketPrice

(c) Cá mhéad réimse atá sa tábla tblVenue?

_____ [1]

(d) Luaigh an eochair Phríomhúil atá sa tábla tblBookings.

_____ [1]

Rith an gníomhaire áirithintí iarratas ar an bhunachar sonraí choibhneasta, agus táirgeadh an t-aschur seo a leanas.

ConcertID	ArtistID	ArtistName	VenueID	Venue	ConcertDate	TicketPrice
A123	RO1	Rock On	OH101	Opera House	20/05/2024	£35.00
A351	RO1	Rock On	MM401	Mossley Mill	23/05/2024	£40.00

(e) Sainaithin an Réimse agus na Critéir atá de dhíth leis an aschur a thaispeántar thuas a tháirgeadh.

Réimse	Critéir
[1]	[1]

Chruthaigh an gníomhaire áirithintí an t-iarratas seo a leanas.

Field:	ConcertID	ArtistID	VenueID	ConcertDate	TicketPrice
Table:	tblBookings	tblBookings	tblBookings	tblBookings	tblBookings
Sort:					
Show:	✓	✓	✓	✓	✓
Criteria:					=26
or:					=40

Bain úsáid as an iarratas thuas.

(f) Luaigh cá mhéad taifead a thaispeánfar nuair a rithfear an t-iarratas seo.

_____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

4 Tá sé beartaithe ag grúpa pobail seomra úr cluichí ríomhaire a chruthú. Chuaigh siad i dteagmháil le ceithre chomhlacht dhifriúla faoi choinne meastachán. Má bhíonn an t-iomlán níos mó ná £2000, cuirfear lascaine 15% i bhfeidhm.

Tá na meastacháin sa scarbhileog thíos.

	A	B	C	D	E
1	Leathán Buiséid do Thionscadal Pobail				
2	Buiséad	£2,000.00		Lascaine	15%
3					
4	**Earraí**	**Meastachán 1**	**Meastachán 2**	**Meastachán 3**	**Meastachán 4**
5	Urlárlach	£750.00	£600.00	£700.00	£400.00
6	Péint	£50.00	£65.00	£45.00	£40.00
7	Tábla	£75.00	£45.00	£65.00	£57.00
8	Dallóga	£100.00	£95.00	£110.00	£90.00
9	Teilifíseán	£650.00	£550.00	£625.00	£500.00
10	Consól Cluichí	£300.00	£345.00	£295.00	£369.00
11	Cathaoir Chluichíochta	£70.00	£65.00	£65.00	£60.00
12	Gléas Cinn Réaltachta Fíorúla	£500.00	£550.00	£450.00	£600.00
13	**Iomlán**	**£2,495.00**	**£2,315.00**	**£2,355.00**	**£2,116.00**
14	Méid Lascaine	£374.25	£347.25	£353.25	£317.40
15	**Costas Iomlán**	**£2,120.75**	**£1,967.75**	**£2,001.75**	**£1,798.60**
16	**Taobh istigh den Bhuiséad**	Thar an Bhuiséad	Taobh istigh den Bhuiséad	Thar an Bhuiséad	Taobh istigh den Bhuiséad

(a) Cé acu foirmle atá i gcill B13?

_____ [2]

(b) Cad é an fhoirmle a úsáideadh i gcill D15 leis an Chostas Iomlán a ríomh?

_____ [1]

(c) Luaigh cad é mar a rinneadh an téacs i gcill A1 a fhormáidiú.

_____ [1]

(d) San eangach thíos cuir tic (✓) i gcoinne na feidhme cirte leis an chostas is ísle ar Theilifíseán a roghnú.

Feidhm	**Ticeáil (✓)**
AVERAGE	
ROUND	
MIN	
MAX	

[1]

(e) I gcill C14 tá an fhoirmle seo a leanas, =C13*E2.
Comhlánaigh an abairt seo a leanas trí aon cheann amháin den dá fhrása a thugtar thíos a chur isteach.

dearbhthagairtí **tagairtí do chill choibhneasta**

Bíonn an comhartha dollair ($) mar chuid de _____ . [1]

(f) Cuir tic (✓) in aice leis an ráiteas IF cheart a úsáideadh i gcill B16.

Ráiteas IF	**Ticeáil (✓)**
=IF(B15<=B2,"Budget","Budget")	
=IF(B15<=B2,"In Budget","Over Budget")	
=IF(B15>=B2,"In Budget","Over Budget")	

[1]

[Tiontaigh an leathanach

(g) Luaigh na réimsí cille a úsáideadh leis an ghraf thíos a tháirgeadh.



1. _____

2. _____

3. _____ [3]

(h) Cad é an t-ainm a thugtar ar an chineál graif a thaispeántar thuas?

_____ [1]

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach

5 Baineann ríomhairí úsáid as comhpháirteanna difriúla de chrua-earraí.

(a) Do gach sraith sa tábla thíos, roghnaigh an téarma is fearr a oireann don chur síos. (Ní bhainfear úsáid as gach téarma.)

Aonad Uimhríochta agus Loighce **Aonad Rialúcháin** **Áiritheoir Ríomhchláir** **Taisce**

Cur Síos	**Téarma**
Méid beag de chuimhne ardluais atá cóngarach don phróiseálaí	
Freagrach as treoracha a ghabháil agus a dhíchódú	
Déanann sé áirimh agus comparáidí	

[3]

(b) Agus na focail a chuirtear ar fáil thíos in úsáid agat, comhlánaigh an abairt seo a leanas faoin Láraonad Próiseála (LAP) (*CPU*). (Ní bhainfear úsáid as gach focal).

Cur de ghlanmheabhair **Próiseáil** **Bainistiú**

Is é an phríomhaidhm atá ag an LAP na feidhmeanna atá ag ríomhaire

a _____ [1] trí shonraí agus treoracha a _____. [1]

Tá Elsie ag táirgeadh tábla le cuidiú léi na difríochtaí idir RAM agus ROM a thuiscint.

(c) Comhlánaigh an tábla thíos trí thic (✓) a chur sa tsraith faoin cheannteideal cheart.

Ráiteas	RAM	ROM
Tá an chuimhne neamhluaineach		
Ní dhéantar ach sonraí a léamh agus ní féidir iad a athrú		
Caillfear sonraí nuair atá an ríomhaire curtha as		
Stóráiltear sonraí agus treoracha reatha atá in úsáid		

[4]

(d) Cad é dó a seasann na litreacha IAS?

_____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

6 Taispeántar léaráid de líonra réaltach thíos.



(a) Comhlánaigh an eangach tríd an fhocal FÍOR a chur isteach sna sraitheanna a chuireann buntáiste a bhaineann le líonra réaltach in iúl.

Ráiteas	**Buntáiste**
Má theipeann ar an fhreastalaí, leanfaidh an líonra ar aghaidh ag obair	
Is féidir stáisiún oibre nua a cheangal de go díreach gan an líonra a dhruidim síos	
Má theipeann ar stáisiún oibre, leanfaidh an líonra ar aghaidh ag obair	

[2]

(b) Mínigh **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le bustoipeolaíocht a úsáid le ríomhairí a líonrú.

1. _____

2. _____ [2]

(c) Cad é is Líonra Achair Logánta ann?

_____ [1]

(d) Comhlánaigh na habairtí seo thíos faoi tharchur sonraí agus na focail a chuirtear ar fáil in úsáid agat. (Ní bhainfear úsáid as gach téarma.)

DÓLÉITE **DÍCHÓDAITHE** **CRIPTITHE** **CRIPTIÚ**

An próiseas de shonraí a ionchódú sula gcuirtear trasna líonra iad,

tugtar _____ air [1]. Déanann an modh seo na

sonraí _____ [1] má dhéantar iad a idircheapadh. Nuair a

bhaineann na sonraí a gceann scríbe amach, ní féidir na sonraí a bheith

_____ [1] ach le heochair bogearraí.

(e) Luaigh an prótacal a úsáideann an Gréasán Domhanda (WWW) le sonraí a tharchur go sábháilte.

_____ [1]

Oibríonn Ben idir a bhaile agus a oifig; déanann sé rochtain ar shonraí custaiméirí ag úsáid nasc idirlín.

(f) Mínigh **dhá** dhóigh a bhféadfadh go ndéanfaí ríomhaire Ben a ionfhabhtú le víreas.

1. _____

_____

2. _____

_____ [4]

[Tiontaigh an leathanach

7 Táirgeann Coláiste Clarendon físeáin teagaisc a chuirtear ar fáil do dhaltaí ar shuíomh gréasáin.

(a) **(i)** Mínigh an próiseas a d'fhéadfadh Coláiste Clarendon a úsáid lena chinntiú go dtig le daltaí an físeán a íoslódáil go gasta.

_____

_____ [2]

(ii) Luaigh formáid chuí físchomhaid do na ranganna teagaisc seo.

_____ [1]

(b) Baintear úsáid as podchraoltaí chomh maith. Cad é a chiallaíonn doimhneacht datha nuair atáthar ag tagairt do thaifead fuaime?

_____

_____ [2]

8 Cuir síos ar gach ceann de na bagairtí cibearchoireachta seo a leanas.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

Fioscaireacht

_____

_____

_____

_____

Diúltú Seirbhíse

_____

_____

_____

_____ [6]

[Tiontaigh an leathanach

9 Is modh siamsaíochta sa bhaile í an ríomhchluichíocht a bhfuil móréileamh uirthi.

(a) Liostaigh **trí** ghléas ionchuir atá de dhíth ar an ríomhchluichíocht.

1. _____

2. _____

3. _____ [3]

(b) Luaigh **dhá** ghuais sláinte a bhaineann leis an ríomhchluichíocht.

1. _____

2. _____ [2]

(c) Diomaite de ghuaiseanna sláinte, cuir síos ar **aon** mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an ríomhchluichíocht.

_____

_____ [2]

10 Cuir an téarma ceart thíos leis an tsainmhíniú chuí.

GPS **Macra** **Slánuimhir** **Córas Oibriúcháin**

Earraí Spiaireachta **Cúltaca** **Inlíon**

Comhéadan Grafach Úsáideora

Sainmhíniú	**Téarma**
Líonra príobháideach nach mbíonn rochtain air ach amháin taobh istigh d'eagraíocht	
Modh a úsáidtear le cóip eile de shonraí bunaidh a choinneáil	
Ríomhchlár a sholáthraíonn na treoracha a chuireann ar chumas na gcrua-earraí ríomhaire a bheith ag obair	
Sraith orduithe stóráilte ar féidir iad a ghníomhachtú trí chnaipe a úsáid	
Feidhmchlár atá suiteáilte ar ríomhaire le heolas faoin úsáideoir a bhailiú go huathoibríoch thar thréimhse ama	
Cineál sonraí a stórálann slánuimhreacha deimhneacha nó slánuimhreacha diúltacha	
Córas nascleanúna a úsáideann satailítí agus a thugann treoracha don úsáideoir chuig ceann scríbe	
Baintear úsáid as le hidirghníomhú a dhéanamh le ríomhaire trí dheilbhíní agus trí roghchláir	

[8]

[Tiontaigh an leathanach

11 Tá Jonathan ag foghlaim faoi reachtaíocht maidir le ríomhairí.

(a) Cuir an reachtaíocht seo a leanas sa tábla, in aice leis an ráiteas chuí.
(Ní bhainfear úsáid as gach focal.)

An tAcht um Mí-Úsáid Ríomhairí **Rialacháin um Chonarthaí Tomhaltóirí**

An tAcht um Chosaint Sonraí

Ráiteas	**Reachtaíocht**
Le sonraí pearsanta a chosaint	
Le gur féidir haiceálaithe a ionchúiseamh	

[2]

(b) Liostaigh **dhá** fhoirm de mhí-úsáid na meán sóisialta.

1. _____

2. _____ [2]

(c) Liostaigh **dhá** chéim a thig le heagraíocht a ghlacadh le cosc a chur ar haiceálaithe fáil isteach ar ríomhchóras.

1. _____

2. _____ [2]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

14166.02

24GDG1123

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
Marc Iomlán	

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

GDG11/3
290646